**Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide**

| | |
|---|---|
| **Ealaíontóir:** | Henry Moore |
| **Teideal:** | *Foirmeacha Ceangailte ar Leasluí* (1969) |
| **Meán:** | Cré-umha |
| **Láthair:** | Cearnóg na Leabharlainne, Coláiste na Tríonóide (taobh thiar de Campanile) |
| **Nótaí:** | Bronntanas ón ealaíontóir 1971 (le cabhair Choláiste na Tríonóide) |

Rugadh in Yorkshire, Sasana, 1898 – D'éag, Hertfordshire, 1986.

Dúirt Henry Moore gurbh ionann a bheith i d'ealaíontóir agus creideamh sa saol. Is cinnte gurbh é an creideamh tréan sa saol, agus an sásamh as, ba chúis leis féin an ghairm sin a tharraingt chuige. Nuair nach raibh sé ach aon bhliain déag, ar shaothar Michelangelo a fheiceáil dó, shocraigh sé gur ina dhealbhóir a bheadh sé féin. Ní cosán gan cor ná casadh a bhí roimhe; bhí sé tamall gairid ina mhac léinn múinteoireachta sular liostáil sé sna *Civil Service Rifles, Fifteenth London Regiment* agus é ocht mbliana déag. Bhí sé ag troid i gCath Cambrai agus chaith sé dhá mhí in ospidéal tar éis ionsaí gáis.

Bhí sé ina Theagascóir Corpoideachais san Arm sular chláraigh sé ar an gcéad mhac léinn dealbhóireachta riamh sa Scoil Ealaíne i Leeds. Rinneadh forás agus forbairt mhór ó thaobh na healaíne i rith na tréimhse seo. Tháinig sé go mór faoi thionchar na nua-ealaíontóirí Cezanne, Van Gogh agus Gauguin, agus dhealbhóireacht phrimitíbheach an Iarthair, i measc rudaí eile. Rinne sé staidéar chomh maith ar an ealaín chlasaiceach agus bhronn an Royal College of Art (mar a ndearna sé staidéar idir 1921-4) scoláireacht taistil air go bhfoghlaimeodh sé tuilleadh faoi mháistrí de leithéid Giotto, Donatello, agus ar ndóigh, Michelangelo, an chéad spreagadh a tugadh dó. D'fhág an modh staidéir seo gur fhéad sé cúl a thabhairt leis na modhanna seanbhunaithe; ní raibh aon cheap idéalach aige de cholainn an duine agus d'fhanadh sé dílis don ábhar a bhí in úsáid aige. Bhíodh cáineadh ag an lucht léirmheastóireachta ar a luathshaothar agus é á fheiceáil dóibh gurbh den bhrúidiúlachas é. Ba ghearr gur tháinig athrú air sin agus bhí glacadh leis ar dhuine de phríomhealaíontóirí na nua-ealaíne. Bhí dhá shaothar dealbhóireachta dá chuid ar iasacht ag an *Museum of Modern Art* i Nua-Eabhrac sa bhliain 1934 don taispeántas ceannródaíochta *Cubism and Abstract Art*. Díol spéise gur cheap Stiúrthóir an National Gallery, Sir Kenneth Clarke, ina Ealaíontóir Oifigiúil Cogaidh é maidir leis an Dara Cogadh Domhanda blianta beaga ina dhiaidh sin. Bhí tóir i bhfad níos mó ar a shaothar agus é á cheapadh faoin tráth sin leis na dealbhóirí ba mhó le rá de chuid an

Tá eolas san alt seo a tháinig ó

http://www.henry-moore-fdn.co.uk/matrix_engine/content.php?page_id=3802

Arna chur le chéile ag Kirsten Southard, Intéirneach Mic Léinn mar Chúntóir ag an gCoimeádaí 2009, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath – intéirneacht le ciste ó Chumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

fichiú aois sa Bhreatain.

Dúirt Moore féin faoin saothar *Reclining Connected Form* (atá le feiceáil freisin sa scannán *Educating Rita*):

> Tá trí théama ag rith arís agus arís eile le mo chuid dealbhóireachta: an mháthair agus an leanbh; an duine sínte nó ligthe siar; cruth mór ina chosaint ag cruth beag. Sa saothar seo, tá na trí mhóitíf sin in éineacht agam. Spreagaim mothúcháin an duine, na mothúcháin bhunúsacha. Tá an gá le cosaint ar cheann de na mothúcháin sin, ar ghnéithe an bhun-nádúir.

Tá eolas san alt seo a tháinig ó

http://www.henry-moore-fdn.co.uk/matrix_engine/content.php?page_id=3802

Arna chur le chéile ag Kirsten Southard, Intéirneach Mic Léinn mar Chúntóir ag an gCoimeádaí 2009, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath – intéirneacht le ciste ó Chumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.